


Gníomhaíochtaí Daltaí: Teoirim 2

Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach “Teoirim 2” ar CD an Dalta



1. Tarraing an pointe D, ionas go mbeidh an uillinn DEF cothrom le 50° .

Cé mhéad céim atá san uillinn DFE? _____.

An bhfuil an tomhas céanna sa dá uillinn? _____

Scríobh síos fad na sleasa DE agus DF. An ionann an dá fhad? _____

2. Tarraing an pointe D, ionas go mbeidh an slios DE = 4.

Cén fad atá sa slios DF? _____.

An bhfuil an fad céanna sa dá shlios? _____

Scríobh síos an tomhas atá san uillinn DEF agus san uillinn DFE.

$DEF = \underline{\hspace{2cm}}$, $DFE = \underline{\hspace{2cm}}$ An bhfuil an tomhas céanna sa dá uillinn? _____

3. Tarraing an pointe D, ionas go mbeidh an uillinn DFE cothrom le 70° .

Cén tomhas atá san uillinn DEF? _____.

An bhfuil an tomhas céanna sa dá uillinn? _____

Scríobh síos fad na sleasa DF agus DE. An ionann an dá fhad sin? _____

4. Tarraing an pointe D, ionas go mbeidh an slios DF = 8.

Cén fad atá sa slios DE? _____.

An bhfuil an fad céanna sa dá shlios? _____

Scríobh síos tomhas na n-uillinneacha DFE agus DEF.

$DFE = \underline{\hspace{2cm}}$, $DEF = \underline{\hspace{2cm}}$

An bhfuil an tomhas céanna sa dá uillinn? _____

5. Breathnaigh na freagraí a fuair tú ar cheisteanna 1, 2, 3 agus 4. Cén tátal atá le baint as:

(i) na sleasa a bheith cothrom?

Tátal _____

(ii) na huillinneacha a bheith cothrom?

Tátal _____

6. Cliceáil Ticbhosca 1 sa chomhad idirghníomhach agus feicfidh tú foclaíocht na teoirime. Cliceáil Ticbhosca 2 agus feicfidh tú coinbhéarta na teoirime.
An é sin an tátal a bhain tú as? _____